# TEICNEOLAÍOCHT FHEIDHMEACH

JCt4 Nuachtlitir

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

## Ceardlanna Roghnacha Earrach 2022




In Earrach na bliana seo caite, d'óstáil muid roinnt imeachtaí beo an-rathúil, ina ndearnadh iniúchadh ar úsáid éifeachtach gearrthóirí léasair/ greanadóirí i sraith ábhar na Teicneolaíochta. Is féidir sraith d'fhíseáin thaifeadta a léiríonn bunús an chineáil ábhair a iniúchadh le linn na n-imeachtaí sin a fháil trí chliceáil ar an íomhá thuas nó anseo.

## Coinnigh I dteagmháil

Is iad trí bhealach chun coinneáil suas chun dáta le foireann Teicneolaíocht Fheidhmeach JCt4:

**Tabhair cuairt ar ár leathanach:**

www.jct.ie/technologies

**Lean muid ar Twitter:**

@JCt4ed

**Bí ar ár liosta seoltaí:**

Mailing List

## Fáilte

Fáilte chuig eagrán an Fhómhair de nuachtlitir Theicneolaíocht Fheidhmeach JCt4. Thar ceann na foirne, tá súil againn gur éirigh leat samhradh scístiúil suaimhneach a bheith agat agus tú ag ullmhú don bhliain atá amach romhainn. Sa dara heagrán déag seo dár nuachtlitir ba mhaith linn tosú trí chomhghairdeas a dhéanamh le scoláirí chohórt na Sraithe Sóisearaí in 2021/2022 a bhí ar an gcéad ghrúpa a chríochnaigh an tsraith nua iomlán inár n-ábhar, agus leis na múinteoirí a chabhraigh leo ar feadh a dturais.

## Teicneolaíocht Fheidhmeach FGL 2022/2023

Faoi láthair, tá foireann Theicneolaíocht Fheidhmeach JCt4 ag cur bailchríoch ar dhearadh an lae FGL againn in 2022/2023, agus tosóimid leis an seachadadh ar líne dár FGL i mí na Samhna. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na múinteoirí Teicneolaíocht Fheidhmeach ar fad a chuaigh i dteagmháil linn i rith na bliana agus táimid ag tnúth le sibh a fheiceáil arís go luath. Idir an dá linn, tá réimse tacaí ar fáil sa rannán Teicneolaíochta dár láithreán gréasáin www.jct.ie.

## Measúnú Rangbhunaithe 2
### *Féinanailís agus Féinmheasúnú an scoláire*

D'eisigh an CNCM le déanaí Socruithe Athbhreithnithe chun na Measúnuithe Rangbhunaithe a Chur i gCrích do chohórt scoláirí 2020 – 2023. Is féidir teacht ar an doiciméad sin anseo.





Tá acmhainn idirghníomhach cruthaithe ag an bhfoireann Theicneolaíocht Fheidhmeach chun cabhrú le múinteoirí agus a gcuid scoláirí ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe: Féinanailís agus meastóireacht an Scoláire. Is féidir teacht ar an acmhainn sin trí chliceáil ar an íomhá nó anseo.

## Comhdhálacha Chumann Na nÁbhar

Tionólfar Comhdháil Náisiúnta MhúinteoiríTeicneo ar 14 agus 15 Deireadh Fómhair i gColáiste Chiaráin, Baile Átha Luain. Reáchtálfar Comhdháil Náisiúnta & Cruinniú Cinn Bhliana ETTA Dé hAoine 25 agus Dé Sathairn 26 Samhain idir Campas TUS:MMW Luimnigh agus Óstán Chnoc na Buaile Glaise Luimneach.
Tá foireann Theicneolaíochta SSM ag súil go mór le sibh a fheiceáil ag na himeachtaí sin. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ach cliceáil ar na lógónna faoi seach.


## Acmhainní Pleanála Thionscadal na Scoláirí




Thar thrí bliana den tSraith Shóisearach, is tábhachtach go bhforbródh scoláirí an phríomhscil a bhaineann le Mé Féin a Bhainistiú. Léirítear an scil sin nuair a bhainistíonn scoláirí a gcuid ama, trealaimh, agus buiséad agus iad ag plé le hobair thionscadail. Is féidir teacht ar acmhainní chun cabhrú le scoláirí agus múinteoirí araon ach cliceáil ar an íomhá thuas nó anseo.

## Acmhainní chun nascadh le lá FGL atá le teacht



Tá Réiteach fadhbanna trí Rialú Leictreach agus an Acmhainn Fréamhshamhaltaithe Rialaithe ar bhreathnaigh muid orthu le roinnt blianta anuas fós ina gcabhair ag múinteoirí agus ag scoláirí na Teicneolaíochta Feidhmí agus is féidir rochtain a fháil orthu trí na naisc nó na híomhánna thuas. Is féidir iad a úsáid freisin i gcomhar le gníomhaíochtaí FGL na bliana seo chun cur leis an eispéireas foghlama do gach scoláire.

## Imeacht Foghlama ar Líne (IFL) an Fhómhair SSt4




Beidh foireann Theicneolaíochta na Sraithe Sóisearaí ag óstáil IFL Fómhair eile idir 24 agus 27 Deireadh Fómhair. Díríonn na himeachtaí seo ar réimsí spéise ar leith do mhúinteoirí ar fud ábhair na dTeicneolaíochtaí agus is féidir leo a bheith ina dtaca agus ina n-acmhainn luachmhar do mhúinteoirí agus do scoláirí araon.

Roimhe seo d'fhéach muid ar "Teagasc agus fhoghlaim a iniúchadh ag tús bliain acadúil" agus ar "An chaoi a dtagann gnéithe de thuras dearaidh chun beochta sa Teicneolaíocht Fheidhmeach a iniúchadh". Táimid ag dearadh faoi láthair ócáid IFL Fómhair na bliana seo agus fógrófar é ar ár liosta seoltaí agus ar an gcóras Giolcaireachta sna seachtainí amach romhainn. Tá súil againn sibh a fheiceáil tráthnóna na hócáide.

## Scéalta nuachta

Tá cúrsa clódóireachta 3D arb é an chéad cheann dá chineál i ndiaidh oscailt in oirthuaisceart na hÉireann. Tá an cúrsa forbartha ag BOO Lú na Mí chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid phriontáil 3T ag baint úsáid as coincréit chun freastal ar an ngá atá le tithe inacmhainne a thógáil ar luas níos tapúla.



Tá an teicneolaíocht ann cheana féin, ach tá úsáid na clódóireachta 3T i dtógáil áiteanna cónaithe teoranta i gcomparáid le tíortha ar nós na Stát Aontaithe agus na hÍsiltíre.

**Nasc suíomh gréasáin:** Nuacht RTE - Cúrsa Priontála 3T

Is féidir an t-alt thuas a úsáid mar acmhainn nó mar spreagadh chun teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus a dtionchar ar an tsochaí a iniúchadh. I measc na dtorthaí foghlama a bhféadfadh scoláirí dul i ngleic leo ag úsáid na hacmhainne seo tá: 1.6, 2.6, 2.7, 2.10, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5, 3.8, 3.9.

Tá súil againn gur tús maith a bhí agaibh sa scoilbhliain nua, agus táimid ag súil go mór le dul i dteagmháil libh sna míonna amach romhainn.

*Le dea-mhéin,*

***An FHOIREANN JCt4***